Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Feabhra 2022**
**(OR. en)**

**6104/22**

**PECHE 41**
**DELACT 19**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Feabhra 2022 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 645 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 9.2.2022 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 645 final.

Faoi iamh: C(2022) 645 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.2.2022
C(2022) 645 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.2.2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint**

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013[1], tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh maidir le bearta caomhnaithe iascaigh chun reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh.

Ceanglaítear ar na Ballstáit limistéir chaomhantais speisialta agus limistéir chosanta speisialta a ainmniú faoi seach chun gnáthóga agus speicis ar le leas an Aontais iad a chosaint. Is iad na limistéir sin atá sa líonra éiceolaíoch Eorpach Natura 2000. De réir na bhforálacha ábhartha i dtreoracha an Aontais maidir le Dúlra AE (an Treoir maidir le Gnáthóga[2] agus an Treoir maidir le hÉin[3]), ní mór do na Ballstáit na bearta caomhnaithe is gá a bhunú agus na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun na gnáthóga nádúrtha agus na speicis ar ainmníodh na láithreáin ina leith a chosaint. Comhfhreagróidh na bearta sin do riachtanais éiceolaíocha na ngnáthóg nádúrtha agus na speiceas atá ar an láithreán, agus féadfaidh bearta a bhaineann le hiascach a bheith san áireamh iontu.

De réir Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí)[4], déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil ar bun. Nuair a mheasann na Ballstáit go bhfuil gá le bearta caomhnaithe iascaigh áirithe chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, faoi Airteagal 4 den Treoir maidir le hÉin nó faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, ní mór na bearta sin a ghlacadh i gcomhréir le rialacha an chomhbheartais iascaigh (CBI).

Chuir an Danmhairg (an Ballstát tionscantach), an tSualainn agus an Ghearmáin moladh comhpháirteach isteach an 2 Feabhra 2021 ina raibh bearta caomhnaithe iascaigh chun sé limistéar faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus láithreán Natura 2000 amháin atá lonnaithe sa chuid Dhanmhargach de Kattegat a chosaint. Is é is aidhm fhoriomlán dóibh grinneall bog na farraige agus struchtúir sceire (cód gnáthóige 1170) a chosaint ar iascaigh a bhfuil gléasanna soghluaiste grinnill acu. Chuir an tSualainn (an Ballstát tionscantach), an Danmhairg agus an Ghearmáin moladh comhpháirteach isteach an 2 Feabhra 2021 ina raibh bearta caomhnaithe iascaigh chun ceithre limistéar mhuirí faoi chosaint sa chuid Shualannach de Kattegat a chosaint. Is é an príomhchuspóir cosaint leordhóthanach a áirithiú i gcomhair speicis ainmnithe íogaire agus cineálacha gnáthóige ainmnithe íogaire lena n-áirítear na feidhmeanna éiceolaíocha a bhaineann leo.

Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118[5] bunaíodh bearta caomhnaithe iascaigh i limistéir áirithe sa Mhuir Thuaidh. Tar éis na moltaí comhpháirteacha a thíolaic an tSualainn agus an Danmhairg i mí Feabhra 2021, ba cheart an rialachán tarmligthe sin a leasú chun na bearta nua atá molta a thabhairt isteach.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

[2] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus *fauna* agus *flora* fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

[3] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

[4] IO L 164, 25.6.2008, lch. 19.

[5] IO L 19, 25.1.2017, lgh. 10–25.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

D'fhorbair an Danmhairg agus an tSualainn a dtograí faoi seach tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara éagsúla ar an leibhéal náisiúnta.

Ar an taobh idirnáisiúnta, thíolaic an Danmhairg togra maidir le réamhchomhairliúchán leis na Ballstáit eile agus leis an gCoimisiún in 2017. Tháinig meitheal *ad hoc* le chéile roinnt uaireanta in 2017, 2018 agus 2019. Chuaigh an Danmhairg i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh in 2017 agus arís i mí Mheán Fómhair 2020 maidir leis an togra deiridh.

D'eagraigh an tSualainn cruinniú réamhchomhairliúcháin i mí Eanáir 2018 le hionadaithe ó na Ballstáit eile agus ón gCoimisiún. Tharla roinnt cruinnithe *ad hoc* in 2018 agus 2019. Chuaigh an tSualainn i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh i mí Mheán Fómhair 2018 agus arís i mí Mheán Fómhair 2020 maidir leis an togra deiridh.

Tá na gnéithe seo a leanas sna moltaí comhpháirteacha críochnaitheacha a thíolaic an Danmhairg agus an tSualainn:

– bearta chun gníomhaíochtaí iascaireachta a dhúnadh i limistéir áirithe;
– bearta chun cosc a chur ar úsáid gléasanna soghluaiste grinnill i limistéir áirithe faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD) agus i láithreáin áirithe de chuid Natura 2000;
– bearta i dtreo nach gceadófar ach trealamh iascaireachta áirithe i limistéir áirithe mhuirí faoi chosaint; agus
– bearta rialaithe agus forfheidhmiúcháin.

Forbraíodh na moltaí comhpháirteacha sin i ndlúthchomhar leis an nGearmáin. Cé nach bhfuil aon mhóriascach Gearmánach sa limistéar, is cuid de roinn 3a ICES (Skagerrak agus Kattegat) na limistéir mhuirí sin faoi chosaint, mar a bhfuil deiseanna iascaireachta ag an nGearmáin ar roinnt spriocspeiceas.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

**Achoimre ar an ngníomhaíocht atá beartaithe**

Is é an phríomhghníomhaíocht dlí bearta a ghlacadh atá riachtanach chun oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí comhshaoil an Aontais a chomhlíonadh.

Sonraítear sa rialachán na hiascaigh i réimsí áirithe a mbeadh feidhm ag bearta sonracha maidir leo.

**Bunús dlí**

Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.2.2022**

**lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 lena mbunaítear bearta caomhnaithe iascaigh chun an mhuirthimpeallacht sa Mhuir Thuaidh a chosaint**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tabharfar de chumhacht do na Ballstáit bearta caomhnaithe iascaigh a ghlacadh ina n-uiscí, ar bearta iad atá riachtanach chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi Airteagal 6 de Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ('an Treoir maidir le Gnáthóga')[2], faoi Airteagal 4 de Threoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le hÉin')[3] agus faoi Airteagal 13(4) de Threoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí')[4].

(2) Le hAirteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta caomhnaithe is gá a bhunú i gcomhair limistéir chaomhantais speisialta, bearta a fhreagraíonn do riachtanais éiceolaíocha na gcineálacha gnáthóige nádúrtha sin agus na speiceas sin atá i láthair ar na láithreáin de réir mar a liostaítear iad sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an Treoir sin.

(3) Le hAirteagal 4 den Treoir maidir le hÉin ceanglaítear ar na Ballstáit bearta caomhnaithe speisialta a bhunú maidir le gnáthóg na speiceas a luaitear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi. Ceanglaítear ar na Ballstáit bearta caomhnaithe comhchosúla a dhéanamh freisin maidir le speicis imirceacha a thagann go rialta agus nach liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann léi.

(4) De bhun Airteagal 13(4) den Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, tá na Ballstáit le cláir beart a ghlacadh chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil ar bun, lena n-áirítear bearta um chosaint spásúil a chuireann le líonraí limistéar muirí faoi chosaint atá comhleanúnach agus ionadaíoch, agus lena gcumhdófar go

---

1 IO L 354, 28.12.2013, lch. 22.

2 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus *fauna* agus *flora* fiáine a chaomhnú. (IO L 206, 22.7.1992, lch. 7).

3 Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú. (IO L 20, 26.1.2010, lch. 7).

4 Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí) (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

leordhóthanach éagsúlacht na gcomhéiceachóras, amhail limistéir chaomhantais speisialta de bhun na Treorach maidir le Gnáthóga, limistéir chosanta speisialta de bhun na Treorach maidir le hÉin agus limistéir mhuirí faoi chosaint arna gcomhaontú ag an Aontas nó ag na Ballstáit lena mbaineann faoi chuimsiú comhaontuithe idirnáisiúnta nó réigiúnacha ar páirtithe iontu iad.

(5) I gcás ina measann Ballstát gur gá bearta a ghlacadh chun a oibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais a chomhlíonadh agus go bhfuil leas díreach bainistíochta ag Ballstáit eile san iascach a ndéanfaidh na bearta sin difear dó, tabharfar de chumhacht don Choimisiún bearta den sórt sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe tar éis moladh comhpháirteach a fháil ó na Ballstáit.

(6) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 bunaítear bearta caomhnaithe i limistéir mhuirí áirithe faoi chosaint in Kattegat agus sa limistéar muirí faoi chosaint i limistéar Bratten sa Mhuir Thuaidh.

(7) Tar éis dul i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach na Mara Thuaidh, chuir an Danmhairg, an tSualainn agus an Ghearmáin dhá mholadh chomhpháirteacha faoi bhráid an Choimisiúin chun iascaigh a bhainistiú i limistéir áirithe in Kattegat an 2 Feabhra 2021. Chuir an Danmhairg moladh comhpháirteach isteach chun an grinneall bog agus struchtúir sceire a chosaint ar iascaigh a bhfuil gléasanna soghluaiste grinnill acu i sé limistéar faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (MSFD) agus láithreán Natura 2000 amháin atá lonnaithe sa chuid Dhanmhargach de Kattegat. Chuir an tSualainn moladh comhpháirteach isteach chun speicis íogaire agus cineálacha gnáthóige íogaire a chosaint trí chead a thabhairt trealamh iascaireachta áirithe, agus an trealamh sin amháin, a úsáid i gceithre limistéar mhuirí faoi chosaint sa chuid Shualannach de Kattegat.

(8) Trí bhíthin nós imeachta i scríbhinn, chuir an Coimisiún na bearta sin i láthair grúpa saineolaithe ina raibh ionadaithe ó na Ballstáit i mí Dheireadh Fómhair 2021.

(9) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (‘STECF’) athbhreithniú ar na moltaí comhpháirteacha sin agus tháinig sé ar an gconclúid[5] gur céim dhearfach chun cinn iad na bearta maidir le tionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar na gnáthóga lena mbaineann a íoslaghdú. Táthar ag súil freisin go gcuirfidh na moltaí comhpháirteacha sin le cosaint leordhóthanach i gcomhair speicis ainmnithe íogaire agus cineálacha gnáthóige ainmnithe íogaire, lena n-áirítear na feidhmeanna éiceolaíocha a bhaineann leo, sna limistéir mhuirí faoi chosaint.

(10) Is é is aidhm do na bearta a mhol an Danmhairg toirmeasc a chur ar ghléasanna soghluaiste grinnill sna limistéir ainmnithe. Tháinig STECF ar an gconclúid[6] gurbh fhearr a chosnófaí an grinneall bog agus struchtúir sceire (cineál gnáthóige 1170) ar thionchar gníomhaíochtaí iascaireachta dá gcuirfí toirmeasc ar na gléasanna sin sna gnáthóga leochaileacha sin, rud a chuideodh le spriocanna comhshaoil a bhaint amach.

(11) Is é is aidhm do na bearta a mhol an tSualainn limistéir shrianta iascaigh agus limistéir ina bhfuil toirmeasc ar oibríochtaí iascaireachta a ainmniú. Tháinig STECF ar an

---

[5] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2850498/STECF+PLEN+21-01.pdf/874bc98a-5c5a-46a5-a3e5-e9711285b193

[6] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2850498/STECF+PLEN+21-01.pdf/874bc98a-5c5a-46a5-a3e5-e9711285b193

gconclúid[7] gur dócha gur beag an tionchar a bheidh ag na gléasanna iascaireachta atá beartaithe i limistéir shrianta iascaigh agus gur céim dhearfach chun cinn iad na bearta maidir le tionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar na gnáthóga lena mbaineann a íoslaghdú. Tugann an Coimisiún dá aire freisin gur gheall na Ballstáit sa mholadh comhpháirteach tuilleadh coigeartuithe a mholadh agus srian a chur le hiascach na heangaí geolbhaigh má mheastar gur gá sin.

(12) Mhol na Ballstáit bearta rialaithe agus forfheidhmiúcháin bunaithe ar chóras sainaitheanta uathoibríoch ('AIS') a úsáid le haghaidh limistéir shonracha. Tháinig STECF ar an gconclúid[8] gur cheart gur leor AIS chun faireachán fíor-ama a dhéanamh sna limistéir sin.

(13) Ba cheart Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a leasú chun go gcuimseofaí saighean dhá bhád sa sainmhíniú ar ghléas soghluaiste grinnill. Eisiadh saighean dhá bhád go neamhdheonach ó na moltaí comhpháirteacha a chuir an Danmhairg isteach in 2015 agus in 2016 maidir le cosc a chur ar úsáid gléasanna soghluaiste grinnill i Limistéir 1. D'iarr na Ballstáit ar an gCoimisiún an t-easnamh sin a cheartú.

(14) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 agus leis an moladh comhpháirteach a chuir an Danmhairg isteach, ní chumhdaítear ach gléasanna grinnill atá soghluaiste. Dá bhrí sin, ba cheart an téarma 'soghluaiste' a chuimsiú sa sainmhíniú ar ghléasanna grinnill dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ar mhaithe le soiléireacht.

(15) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 a leasú dá réir sin.

(16) Tá an Rialachán Tarmligthe seo gan dochar don ghá atá le bearta caomhnaithe breise a theastaíonn chun na forálacha ábhartha agus seasamh an Choimisiúin a chomhlíonadh maidir le comhlíonadh a n-oibleagáidí faoi reachtaíocht ábhartha chomhshaoil an Aontais ag na Ballstáit leasmhara,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/118 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, i dteannta na sainmhínithe a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus in Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún*, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'gléas soghluaiste grinnill' aon cheann de na gléasanna seo a leanas: trál grinnill, trál bíoma, trál otair grinnill, trál otair dúbailte, trál grinnill dhá bhád, trál chloicheáin Bhá Bhaile Átha Cliath, trál séaclaí, eangach shaighne, saighean Dhanmhargach, eangach shaighne Albanach, saighean Albanach dhá bhád, saighean bháid nó soithigh agus dreidire;

---

[7] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2850498/STECF+PLEN+21-01.pdf/874bc98a-5c5a-46a5-a3e5-e9711285b193

[8] https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2850498/STECF+PLEN+21-01.pdf/874bc98a-5c5a-46a5-a3e5-e9711285b193

(2) ciallaíonn 'Limistéir 1' na limistéir gheografacha a iniatar trí bhíthin na suíomhanna a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal le chéile go seicheamhach le rumlínte;

(3) ciallaíonn 'Limistéir 2' na limistéir gheografacha a iniatar trí bhíthin na suíomhanna a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal le chéile go seicheamhach le rumlínte;

(4) ciallaíonn 'Limistéir 3' na limistéir gheografacha a iniatar trí bhíthin na suíomhanna a liostaítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal le chéile go seicheamhach le rumlínte;

(5) ciallaíonn 'Bratten' na limistéir gheografacha a iniatar trí bhíthin na suíomhanna a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal le chéile go seicheamhach le rumlínte;

(6) ciallaíonn 'criosanna AIS' na limistéir gheografacha a iniatar trí bhíthin na suíomhanna a liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo, a dhéanfar a thomhas de réir chóras comhordanáidí WGS84, a cheangal le chéile go seicheamhach le rumlínte;

(7) ciallaíonn 'na Ballstáit lena mbaineann' an Danmhairg, an Ghearmáin agus an tSualainn.'

----------------------------

* Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 404/2011 ón gCoimisiún an 8 Aibreán 2011 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle lena mbunaítear córas rialaithe Comhphobail chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú (IO L 112, 30.4.2011, lch. 1).

;

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

'*Airteagal 3*

Toirmeasc ar iascaireacht

1. Beidh toirmeasc ar aon ghníomhaíocht iascaireachta a dhéanamh le gléasanna soghluaiste grinnill i Limistéir 1.

I gcás ina ndéanann soithí iascaireachta a bhfuil aon ghléas soghluaiste grinnill ar bord acu gníomhaíochtaí iascaireachta i Limistéir 1 nach bhfuil toirmeasc orthu de bharr na chéad fhomhíre, déanfar an trealamh soghluaiste grinnill lena mbaineann a fháisceadh agus a stuáil i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 47 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.

2. Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) gníomhaíochtaí iascaireachta i bpointí 2(1) go 2(24) de Limistéir 2,

(b) oibríochtaí iascaireachta i bpointí 2(25), 2(26) agus 2(27) de Limistéir 2.

3. Ní cheadófar iascaireacht i Limistéir 3 ach amháin leis na gléasanna seo a leanas agus faoi na coinníollacha seo a leanas:

- gléasanna láimhe amhail slat agus ruaim (LHP)
- tráil pheiligeacha (OTM/PTM),
- potaí agus gaistí (FPO, FIX) agus iascaireacht á déanamh ar crústaigh,

– eangacha geolbhaigh agus traimlí (GTN), ar choinníoll go nglacann soithí iascaireachta páirt i gclár faireacháin agus measúnaithe náisiúnta arna reáchtáil ag na húdaráis náisiúnta nó thar a gceann chun meastóireacht a dhéanamh ar fhoghabháil muc mara agus éanlaithe mara trí úsáid a bhaint as cianfhaireachán leictreonach ('REM'), lena n-áirítear úsáid ceamaraí teilifíse ciorcaid iata ('CCTV') agus sonraí suímh ar bord.

A mhéid a bhaineann le fleasc dheireanach na chéad fhomhíre, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann athbhreithniú bliantúil ar na sonraí maidir le gabhálacha de thaisme de mhuca mara agus d'éanlaith mhara agus déanfaidh siad measúnú orthu tráth ar bith, ach tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2024. Úsáidfear na sonraí sin nó sonraí iomchuí nua ar bith chun úsáid iascach na heangaí sna limistéir sin a choigeartú de bhun an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 11 agus 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

4. Beidh feidhm ag mír 2(b) agus mír 3 maidir le hiascach áineasa freisin.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'*Airteagal 5*

**Córas sainaitheanta uathoibríoch**

Déanfar na soithí iascaireachta seo a leanas a fheistiú le córas sainaitheanta uathoibríoch (AIS) a chomhlíonann na caighdeáin feidhmíochta a leagtar amach in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 agus coinneofar an córas sin ar bun agus iad i mbun oibríochta:

(a) gach soitheach iascaireachta atá i láthair sa limistéar muirí faoi chosaint Bratten;

(b) gach soitheach iascaireachta a oibríonn le gléasanna soghluaiste grinnill laistigh de limistéir AIS mar a shonraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) gach soitheach iascaireachta atá i láthair i gcriosanna AIS mar a shonraítear i bpointe 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(4) Leasaítear Iarscríbhinn I i gcomhréir le pointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn II i gcomhréir le pointe 2 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo;

(6) Cuirtear Iarscríbhinní IV agus V leis i gcomhréir le pointí 3 agus 4 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.2.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*